Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

GX 1085

Scrúduithe Sheimeastar II, 2002/2003

Cód(anna) Scrúdaithe	1BA121
Scrúdú	An Chéad Bhliain i nDána
Cód(anna) modúil	NG 101 agus NG 121 NG 102
Modúl	Gaeilge
Uimhir an Pháipéir	1
Scrúdaitheoir(í) Seachtrach(a)	Alan Titley
Scrúdaitheoirí Inmheánacha	Mícheál Mac Craith Gearóid Denvir Máirtín Ó Briain
Treoracha	Trí huaire an chloig a cheadófar. Gach ceist as **Roinn A** agus **dhá cheist** as **Roinn B** le freagairt. Úsáid freagarleabhar ar leith do gach **ceist**. 300 marc do **Roinn A**; 200 marc do **Roinn B**.
Am ceadaithe	Trí huaire an chloig NG 101 agus NG 121: Uair go leith NG 102: Uair go leith
Líon freagarleabhar	5

Roinn A

1. Scríobh aiste **ghearr** ar ábhar amháin acu seo, gan dul thar 3 leathanach (*150 Marc*):

(a) Is é do phóca do chara ar an saol atá anois ann.

(b) Saoirse an duine agus cearta an stáit.

(c) An bhfuil ceadúnas tiomána le fáil ag aois ró-óg?

(d) 'Íomhá' na hÉireann.

2. Aistrigh an sliocht seo a leanas go Gaeilge:

I'm from Sligo but I've been living in Galway for nearly eight years now. I came to the city when I was nineteen years old to attend university in Galway. I studied Irish, Economics and Geography in First Year and did Economics and Geography for my degree. I gave up Irish even though I was always very interested in the language; I spent three summers in the Gaeltacht in Ráth Cairn when I was in secondary school and my family went there on holidays a few times when I was younger.

I wasn't too lonely when I came to Galway first. I had a few friends here already and although the college was big and impersonal, I soon got to know other people and I had plenty of new friends. I was a member of three societies during that first year: the economics society, the Irish society and the drama society. I had a great year but of course I had to do some study as well as I wanted to do well in the exams at the end of the year. I did the H.Dip. after my degree and then spent two years working in a school on the edge of the city. (*100 Marc*)

3. Freagair (a) **agus** (b):

(a) Scríobh cuntas gearr ar an ainmfhocal agus a chuid tuiseal. Léirigh do fhreagra le samplaí cuí. (*30 Marc*)

Nó

Scríobh cuntas gearr ar an réamhfhocal simplí agus ar an réamhfhocal comhshuite agus inis cén tionchar atá acu ar an ainmfhocal atá faoina réir. Léirigh do fhreagra le samplaí cuí. (*30 Marc*)

(b) Ceartaigh na botúin sa sliocht seo a leanas:

Chuaigh mé go Shasana le mo cairde i rith an samhradh seo caite. Ní raibh mórán airgead agam agus cheap mé gur mbeidh orm fanacht sa baile ag obair. Bhí Seán agus Peadair ag iarraidh ar mé dul leo agus faoi deireadh thug mo deartháir iasacht airgead dom. Thaistealaíomar ar an bád ó Dún Laoghaire go dtí an Breatain Beag agus ina dhiaidh sin cuamar ar an traein go London. Bhí an-tuirse oraibh nuair a shroicheamar ceann scríbe. Tá London an-mór. Ceapaim go bhfuil sé an áit is mó a bhí mé riamh ann. Ceapfá go bhfuil an domhain ar fad sa cathair mór seo. (*20 Marc*)

Roinn B An tÚrscéal

Freagair dhá cheist. Is fiú 100 marc an ceann iad.

4. Is é an Dr. Séamus Ó Caoimh a nascann na snáthanna éagsúla le chéile in *Dochtúir na bPiast.* Pléigh.

NÓ

Is é John Walters an laoch mór in *Dochtúir na bPiast.* Do bharúil faoi sin.

5. Is breá an léargas a thugann *Fífeanna agus Feadóga* dúinn ar ré na dTrioblóidí i dTuaisceart Éireann. Pléigh.

NÓ

Cé gur gné lárnach de *Fífeanna agus Feadóga* é an scéal grá idir Sorcha agus Roy, tá i bhfad níos mó ná sin le fáil san úrscéal seo. Do thuairim faoi sin.

6. Tá saol Andy Jennings in *Chagrin* á stiúrú ag cuimhní a óige. Pléigh.

NÓ

Is maith le Ré Ó Laighléis fadhbanna sóisialta reatha a phlé agus is breá an sampla é *Chagrin* den chlaonadh seo. Do bharúil faoi sin.

7. Pléigh an tuairim gur úrscéal an-aisteach é *Deoraíocht.*

NÓ

Pléigh an tuairim gur duine gránna amach is amach é Micheál Ó Maoláin, príomhcharachtar *Deoraíocht.*